Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11249/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0193 (NLE)**

**PROBA 26**
**AGRI 323**
**WTO 62**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 358 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le formheas an Aontais ar an leasú ar airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 358 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 358 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2025
COM(2025) 358 final

2025/0193 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le formheas an Aontais ar an leasú ar airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is é is cuspóir don Chinneadh seo ón gComhairle na leasuithe ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird a fhormheas agus an duine nó na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige nó acu, thar ceann an Aontais, an fógra faoi ghlacadh an leasaithe a thaisceadh ag an suíomh ainmnithe.

### 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### 2.1. An Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015

Tá an tAontas ina pháirtí sa Chomhaontú Idirnáisiúnta[1] maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') agus ina Chomhalta de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('CIO'). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017 agus fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026.

#### 2.2. Comhairle na gComhaltaí

Is í Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') an t-údarás agus an comhlacht cinnteoireachta is airde de chuid CIO agus déanfaidh sí na cumhachtaí agus na feidhmeanna sin uile is gá a fheidhmiú chun cuspóirí an Chomhaontaithe sin a bhaint amach. Mar pháirtí sa Chomhaontú, is comhalta de CIO é an tAontas Eorpach agus déantar ionadaíocht thar a cheann i gComhairle na gComhaltaí. De bhun Airteagal 32 de Chomhaontú CIO, féadfaidh Comhairle na gComhaltaí cinntí a dhéanamh lena leasaítear Comhaontú CIO. I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Chomhaontú CIO, is de chomhthoil a dhéanfaidh Comhairle na gComhaltaí cinntí maidir le haon leasú ar an gComhaontú.

#### 2.3. Na leasuithe ar an gComhaontú

Le linn an 119ú cruinniú de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg an 25 Meitheamh 2024, ghlac Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('CIO'), de chomhthoil, an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú chun go bhféadfar síneadh a chur leis an gComhaontú ar feadh tréimhsí 5 bliana. Bunaíodh seasamh an Aontais i ndáil leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú i gcomhairle leis an Meitheal um Thráchtearraí (PROBA).

### 3. AN BUNÚS DLÍ

I gcomhréir le hAirteagail 207(4) agus 218(6) pointe (a)(v) CFAE, ba cheart don Choimisiún, ina cháil mar idirbheartaí na leasuithe ar an gComhaontú, togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun na leasuithe ar an gComhaontú a fhormheas, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

### 4. EILIMINTÍ EILE

I gcomhréir le hAirteagal 32(3) den Chomhaontú, tabharfaidh gach Comhalta fógra don taiscí go nglacann siad leis an leasú laistigh den tréimhse a shocróidh CIO. De réir an tráthchláir

[1] Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2) agus Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

mar a chomhaontaigh CIO é, ní mór do na Comhaltaí fógra taiscí a sholáthar maidir le glacadh leis na leasuithe ag Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac roimh an 25 Meitheamh 2026.

2025/0193 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le formheas an Aontais ar an leasú ar airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ina Pháirtí sa Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') a síníodh thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle[1] an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de agus thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019[2].

(2) De bhun Airteagal 32(1) den Chomhaontú, tá Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') le cinntí a ghlacadh lena modhnófar an Comhaontú.

(3) D'fhormheas Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg an leasú ar an gComhaontú de chomhthoil le linn an 119ú seisiún a bhí aici i mí an Mheithimh 2024.

(4) De bhun Airteagal 32(2) den Chomhaontú, tá gach Comhalta de CIO le fógra a thabhairt don taiscí go nglacann sé leis na leasuithe.

(5) Ba cheart don Aontas na leasuithe ar an gComhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, na leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015.

Tá téacs na leasuithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

---

[1] Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2).

[2] Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, fógra don taiscí faoi ghlacadh na leasuithe dá bhforáiltear in Airteagal 32(2) den Chomhaontú, d'fhonn toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú leasaithe a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*